**Nósanna Imeachta Leasaithe maidir le Múinteoirí a chur ar Fionraí agus a Dhíbirt**

**Boird Oideachais agus Oiliúna**

## 1. Cúlra

Faoi théarmaí *I dTreo 2016* ghlac na páirtithe freagracht ar na nósanna imeachta atá ann faoi láthair maidir le múinteoirí a chur ar fionraí agus a dhíbirt, mar a thuigtear iad faoi Alt 24(3) de Acht Oideachais 1998, a athbhreithniú agua a leasú. Toisc gur thug na páirtithe le fios nár bhain forálacha Ailt 24 den Acht Oideachais 1998 le múinteoirí i scoileanna a bhíonn faoi chúram na gCoistí Gairmoideachais (CGO) lean díospóireachtaí breise idir an ROS, an CGÉ (IVEA), AMÉ (TUI) agus CMMÉ (ASTI) chun na forálacha atá aontaithe do mhúinteoirí eile a chur in oiriúint ionas gur féidir freastal ar na struchtúir agus na próisis bhainistíochta ar leith a bhíonn ag feidhmiú i scoileana na gCGO. Chríochnaigh na díospóireachtaí seo le haontú idir na páirtithe ar na nósanna imeachta do scoileanna CGO maidir le múinteoirí a chur ar fíonraí agus a dhíbirt.

Ina dhiaidh sin, tar éis tús feidhme a bheith tugtha don Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus don Acht Oideachais (Leas) 2012, tháinig na páirtithe le chéile arís chun na nósanna imeachta a chur ar chomhréim le forálacha na nAchtanna seo.

Tá na nósanna imeachta seo eisithe anois sa chomhthéacs sin.

Tá freagracht ar BOOanna agus ar Phríomhoidí as cáilíocht agus éifeacht an oideachais agus as bainistíocht na foirne sa scoil, mar atá luaite san Acht Oideachais 1998.

Cé nach féidir le haon nósanna imeachta a bheith críochnaitheach faoi raon na gcúinsí a d'fhéadfadh tús a chur le nósanna imeachta aríonachta, is dócha go mbeidh a leithéid bainteach i gcoitinne le mí-iompar, le bagairt i leith sláinte agus sábháilteachta daltaí agus/nó le cliseadh go leanúnach ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí gairmiúla a mbítear ag súil leo ó mhúinteoirí, a chur i gcrích go sásúil.

Tá foráil déanta sna nósanna imeachta seo a leanas do dhá shraith ar leith a ba chóir a úsáid i gcúinsí oiriúnacha;

- Nósanna imeachta bainteach le gnéithe den inniúlacht ghairmiúil
- Nósanna imeachta bainteach le hobair, le hiompar agus le gnóthaí eile seachas inniúlacht ghairmiúil

Baineann na nósanna imeachta le gach múinteoir seachas múinteoirí atá ag feidhmiú ar bhonn promhaidh. Maidir le múinteoirí atá ar promhadh, leanfaidh na socruithe promhaidh atá ann faoi láthair.

Tá sé i gceist go bpléifidh na nósanna imeachta le ceisteanna a bhaineann leis an bhfostaíocht amháin agus tagann siad in ionad aon nósanna imeachta araíonachta atá ann cheana ach iad siúd a bhfuil bonn reachtúil leo. Baineann ceisteanna faoin gclárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

Beidh cead ag aon cheann de na páirtithe athbhreithniú a éileamh ar na nósanna imeachta seo**.**

## 2. Prionsabail Ghinearálta atá mar bhonn leis na nósanna imeachta seo

Seachtas ceisteanna a bhaineann le cothromas agus le ceartas, éilíonn an chothabháil ar dhea-atmaisféar i gcaidrimh oibreachais san ionad oibre go mbeadh nósanna oibre inghlactha i bhfeidhm agus go gclóitear leo. Bíonn gá le nósanna imeachta araíonachta lena chinntiú go ndéantar araíonacht a chothabháil san ionad oibre agus gur féidir freisin nósanna araíonachta a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom comhsheasmhach.

Bíonn dhá aidhm i gceist lena leithéid de nósanna imeachta sa mhéid is go gcuireann siad creat ar fáil a chuireann ar chumas na bainsitíochta caighdeáin shásúla a chothabháil agus a chuireann ar chumas na bhfostaithe fáil a bheith acu ar nósanna imeachta inar féidir plé go cothrom agus go híogair le teipeanna i gcomhlíonadh na gcaighdeán a bhíonn curtha ina leith.

Is iad na bun-eilimintí a bhaineann le haon nósanna imeachta do chúrsaí araíonachta ná go mbíonn siad réasúnach agus cothrom, go mbíonn soiléireacht ag baint le bonn na gníomhaíochta araíonachta, go mbíonn an raon pionós atá ar fáil don chur i bhfeidhm soiléirithe go maith agus go mbíonn fáil ar mheicníocht inmheánach don achomharc.

Tá gach múinteoir ar leith freagrach dá (h)iompar agus dá f(h)eidhmiúchán oibre féin. Is inmhianaithe don uile pháirtí go mbeadh fáil ar an luath-idirghabháil ag an leibhéal cuí chun freastal ar an iompraíocht mhíchuí a meastar a bheith i gceist ionas gur féidir laghdú a dhéanamh ar bhaol mhéadaithe na bpionós mar atá clúdaithe sna nósanna imeachta seo.

Déanfaidh an Príomhoide gach iarracht plé leis na heasnaimh atá curtha i leith nó a shíltear a bheith i gceist san obair agus san iompar trí bhealaí neamhfhoirmiúla nach ndéanann cur chuige foirmiúil na haraíonachta a agairt.

Nuair a éilíonn na cúinsí a leithéid, is féidir múinteoir a chur ar shaoire riaracháin le lán-tuarastal fad a bhíonn iniúchadh nó toradh iniúchaidh ar feitheamh, nó fad a bhíonn éisteacht/cruinniú araíonachta nó an toradh ar éisteacht/cruinniú araíonachta ar feitheamh.

Tá sé i gceist go mbeadh na nósanna imeachta ag teacht le prionsabail ghinearálta an cheartais aiceanta agus:

- *go nglacfar le toimhde na neamhchiontachta. Ní féidir aon chinneadh a dhéanamh maidir le céim araíonachta go dtí go ndéantar cruinniú foirmiúil araíonachta a reachtáil agus go dtí go mbíonn deis curtha ar fáil don fhostaí freagairt do na líomhaintí atá luaite*
- *go gcuirfear in iúl don fhostaí i scríbhinn roimh aon chruinniú araíonachta faoi mhion-nádúr na n-ábhar imní agus go gcuirtear cóipeanna ar fáil don uile dhoiciméad ábhartha. I gcás ghearáin, cuirfear ar fáil foinse agus téacs an ghearáin mar a fuarthas iad. Ba chóir do ghearán a bheith i scríbhinn.*
- *go ndéantar mionsonraí na líomhaintí, na ngearán nó gnóthaí bainteach le hinniúlacht ghairmiúil a chur faoi bhráid an mhúinteora a bhíonn i gceist*

- *go leirítear lánmheas ar cheart an mhúinteora a bhíonn i gceist fáil agus breathnú a bheith aige/aici ar a c(h)ód pearsanta (ar a n-áirítear na taifid uile i gcruachóip nó i bhformáid leictreonach a bhaineann leis an múinteoir, atá ag an scoil/BOO)*
- *go dtugtar deis don mhúinteoir a bhíonn i gceist fáil a bheith aige/aici ar uiríoll ó chomhghleacaí oibre nó ó ionadaí/aithe ceardchumainn*
- *go dtugtar deis don mhúinteoir a bhíonn i gceist freagairt go hiomlán d'aon líomhaintí, d'aon ghearáin, nó d'aon cheisteannna maidir le hinniúlacht ghairmiúil*
- *go mbíonn sé mar cheart ag an múinteoir a bhíonn i gceist an fhianaise go léir a bhíonn ar fáil a iniúchadh agus a dhúshlánú mar aon le glaoch don cheistiúchán ar fhinnéithe nó ar dhaoine a mbíonn a leithéid d'fhianaise curtha ar fáil acu*
- *go mbíonn sé mar cheart ag an múinteoir a bhíonn i gceist iniúchadh cothrom agus neamhchlaonta a fháil ar na nithe atá faoi cheist, ar na liomhaintí nó na gearáin féin, ar fhreagairt an mhúinteora atá i gceist, ar aon uiríll do, nó thar ceann, an mhúinteora ar a n-áirítear aon fhianaise, aon tosca nó aon chúinsí ábhartha nó cuí eile*
- *go mbíonn dualgas ar an BOO, mar fhostóir, gníomhú go réasúnta agus go cothrom i ngach idirghabháil leis an bhfoireann agus plé le ceisteanna faoi iompar nó faoi inniúlacht ghairmiúil ar bhealach rúnda a thugann cosaint do dhignit an mhúinteora*
- *go mbíonn gach rud a bhaineann le cur chuige araíonachta faoi rún daingean ag na páirtithe agus ag a n-ionadaithe*
- *go nglacfar leis mar chion araíonachta má dhéanann aon duine iarracht duine eile atá le bheith i láthair nó le bheith mar fhinné a imeaglú nó brú míchuí a chur air/uirthi.*
- *go ndéanfar, nuair a ghlactar le cinneadh maidir le pionós araíonachta, an pionós sin a chur i bhfeidhm comhréireach le nádúr na gníomhaíochta/hiompraíochta/feidhmíochta a bhí mar bhunús leis scéal*
- *go mbíonn na nósanna imeachta seo gan dochar do cheart an mhúinteora dul i dtuilleamaí an dlí chun a f(h)ostaíocht a chosaint.*

Cuirfear tacaíocht,oiliúint agus cúnamh réasúnta agus oiriúnach ar fáil. Sa chomhthéacs seo, díreoidh mórfhócas na hoibre ag Seirbhísí Tacaíochta an Bhunleibhéil agus an Iar-Bhunleibhéil ar chomhairle agus ar chúnamh cuí a sholáthar do scoileanna agus do mhúinteoirí chun pleananna feabhsaithe a chur le chéile agus a chur i bhfeidhm, de réir mar a oireann. Déanfar socruithe freisin chun soláthar a dhéanamh ar rochtain thráthúil na seirbhísí sin de réir mar a bhíonn gá leo.

## 3. Nósanna imeachta do mhúinteoirí a bhfuil ábhair imní maidir lena n-inniúlacht ghairmiúil

### Réamhrá

Mar is gnáthach in aon ghairm, is faoin múinteoir féin a bhíonn sé ar dtús caighdeáin chuí a chothabháil ina dteagasc agus freastal go pearsanta ar cheisteanna faoina n-inniúlacht má, agus nuair, a tharlaíonn a leithéid. Chomh maith leis sin, tá sé mar fhreagracht agus mar dhualgas ar an múinteoir a dheimhniú go mbaineann sé nó sí leas iomlán as gach deis don chúnamh i dtreo ábhair imní faoina n-inniúlacht ghairmiúil a fheabhsú.

Sa chomhthéacs seo glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann tromlach suntasach múinteoirí a gcuid dualgas go cumasach, éifeachtach, agus go gcuireann siad seirbhís ar fáil a bhíonn ar chomhchéim leis na traidisiúin is fearr sa mhúinteoireacht. Dá réir sin beidh aon phróiseas a bhíonn curtha le chéile chun dul i ngleic le hábhair imní i leith na hinniúlachta gairmiúla dírithe ar mhionlach daoine sa ghairm. Caithfidh, freisin, aon phróiseas dá leithéid a thuiscint gur é fírinne an scéil gur minic gur rud neamhbhuan a bhíonn i gceist le hábhair imní faoin inniúlacht ghairmiúil agus go mb'fhéidir gur é an bunús a bhíonn leis na deacrachtaí ná gnóthaí pearsanta nó gairmiúla a mhaireann ar feadh tréimhse sách gairid.

D'fhéadfadh freisin go mbeadh ócáidí ann nuair a eascródh na hábhair imní faoi inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora ó ghearáin tuismitheoirí. Ina leithéid de chásanna pléifidh an Príomhoide ar dtús leis na hábhair imní mar atá sna nósanna imeachta aontaithe do ghearáin**.** Breathnóidh an Príomhoide ar nádúr an ghearáin sula socrófar an bhfuiltear le breathnú ar an gceist atá le hiniúchadh faoi na nósanna imeachta bainteach le hinniúlacht ghairmiúil. Má déantar ina dhiaidh sin na nósanna imeachta bainteach le hinniúlacht ghairmiúil a agairt, cuirfear é sin in iúl don tuismitheoir a rinne an gearán agus cuirfear toradh an phróisis deiridh in iúl freisin.

Is amhlaidh dá réir go gcaithfidh roinnt céimeanna a bheith i gceist sa chur chuige a phléann le ceisteanna faoin inniúlacht ghairmiúil, agus na céimeanna seo ag gluaiseacht ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla ina bhféadfadh ag deireadh an phróisis go mbeifí i dtuilleamaí ghnímh araíonachta (chomh fada le céim díbeartha agus an díbirt féin san áireamh). Ar ndóigh caithfidh a leithéid aird a thabhairt ar cheart agus ar dhualgas an BOO feidhmiú láithreach i ngnóthaí bainteach le mí-iompar tromchúiseach nó má shíleann sé go bhfuil baol ann do shláinte, agus do leas daltaí.

***Céim 1***

***Céim Neamhfhoirmiúil***

1.1 Mar atá in ailt 22 agus 23 d'Acht Oideachais 1998 (leasaithe san Acht Oideachais 2012), tá freagracht ar an bPríomhoide, mar chuid dá d(h)ualgais laethúla bainistíochta scoile, treoir agus stiúir a sholáthar do mhúinteoirí, ceannasaíochta a sholáthar do mhúinteoirí agus do dhaltaí mar aon le timpeallacht a chruthú i gcomhpháirt leis an mbord bainistíochta a thacaíonn leis an bhfoghlaim do dhaltaí agus a chuireann an fhorbairt ghairmiúil chun cinn do mhúinteoirí,. Tá foráil san Acht Oideachais freisin a deir go mbeidh na cumhachtaí uile is gá nó is cuí ag an bPríomhoide don ghnó sin. Dá réir sin is é/í an Príomhoide is fearr a thabharfaidh faoi deara nuair a bhíonn ceisteanna faoin inniúlacht ghairmiúil ag teacht chun cinn in obair mhúinteora.

1.2 Nuair a bhíonn an Príomhoide imníoch faoi cheisteanna bainteach leis an inniúlacht ghairmiúil in obair mhúinteora, cuirfidh sé/sí an múinteoir ar an eolas, ó bhéal, faoi nádúr agus fairsinge na n-ábhar imní agus cuirfidh sé/sí aon doiciméadachán ábhartha bainteach leis an ngnó ar fáil don mhúinteoir.

1.3 Ag an bpointe sin ba chóir go dtabharfaí cóip de na nósanna imeachta seo don mhúinteoir agus ba chóir a mholadh do/di é/í féin a chur ar an eolas faoi na céimeanna éagsúla de na nósanna imeachta a d'fhéadfaí a agairt agus faoin raon pionós atá ar fáil do Phríomhfheidhmeannach an BOO (don a dtagrófar mar PF ina dhiaidh seo) má tharlaíonn go maireann an tearcfheidhmíocht.

1.4 Déanfaidh an Príomhoide iarracht breathnú leis an múinteoir ar an gcúis/na cúiseanna atá i gceist agus na céimeanna is gá a ghlacadh chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Sa chomhthéacs seo inseoidh an Príomhoide don mhúinteoir faoi na tacaíochtaí inmheánacha agus/nó seachtracha a d'fhéadfadh a bheith ar fáil agus cuideoidh sé/sí leis an múinteoir na tacaíochtaí sin a rochtain. D'fhéadfadh an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, Forbairt na Ceannasaíochta do Scoileanna (FCS), an tSeirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal (STDL) agus/nó aon ghníomhaireachtaí seachtracha eile atá bainteach le agus/nó oiriúnach do na cúinsí ag brath ar nádúr na n-ábhar imní ar leith a bheith san áireamh.

1.5 Tá sé i gceist mar thoradh ar an bplé idir an Príomhoide agus an múinteoir go ndéantar na hábhair imní a réiteach ar bhealach a shásaíonn an Príomhoide agus go n-aontaíonn an bheirt nach gá dul níos faide leis an scéal.

1.6 Ba chóir go ndéanfaí ceisteanna faoin inniúlacht ghairmiúil a bhfuil neamhbhuaine ag baint leo a réiteach trí mheicníochtaí neamhfhoirmiúla, go hiondúil laistigh de thréimhse trí mhí agus gan tréimhsí saoire san áireamh.

1.7 Má theipeann ar mhúinteoir dul i ngleic go dearfach leis na próisis agus go leanann ábhair imní an Phríomhoide go bhfuil ceisteanna marthanacha faoin inniúlacht ghairmiúil, cuirfidh an Príomhoide in iúl don mhúinteoir go bhfuil sé i gceist aige/aici an gnó a chur ar aghaidh go dtí an Oifigeach Oideachais (ar a dtabharfar an OO ina dhiaidh seo), nó go hoifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF, agus é i gceist tús a chur le próiseas foirmeálta.

***Céim 2***

***Tús leis an bpróiseas foirmeálta***

2.1 Cuirfidh an Príomhoide in iúl don OO /d'oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF faoina (h)ábhair imní agus cuirfidh sé/sí tuairisc i scríbhinn ar fáil do/di. Cuirfear cóip den tuairisc ar fáil don mhúinteoir ag an am céanna, agus cuirfear deis ar fáil do/di chun freagairt i scríbhinn a sholáthar mar chuid den phróiseas a bhaineann leis an gcás a phlé.

2.2 Ag an staid seo beidh sé mar chead ag an múinteoir Céim 3 den phróiseas seo a agairt laistigh de 10 lá scoile ón uair a fhaightear an tuairisc. Nuair a thugann an múinteoir faoina leithéid a dhéanamh bíonn sé mar thuiscint shoiléir nach féidir leis/léi dul ar ais ansin chuig aon chéim roimhe sin den phróiseas agus go rachaidh an Príomhoide agus an OO/oifigeach eile dáilte ag an PF ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile de réir mar is cuí.

2.3 A mhalairt, muna nglacann an múinteoir leis an rogha seo, breathnóidh an OO / oifigeach dáilte ag an PF ar an tuairisc ón bPríomhoide agus ar aon fhreagairt scríofa a bhíonn curtha ar fáil ag an múinteoir. Cuirfear deis ar fáil don mhúinteoir ag an bpointe seo cur i láthair a thabhairt ar an ngnó don OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF, más mian leis/léi sin. Tiocfaidh an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF ar chinneadh ansin maidir leis an tslí ar aghaidh. D'fhéadfadh go mbeadh an OO / oifigeach eile dáilte ag an PF bainteadh leis an gcinneadh a shocraíonn:

- Níl dóthain fianaise mar bhunús don chonchlúid go bhfuil ceist faoi inniúlacht ghairmiúil.
- Tá dóthain fianaise a éilíonn tús a chur leis an bpróiseas foirmiúil.

2.4 Má bhíonn an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF den tuairim go bhfuil dóthain fianaise ann, cuirfidh sé/sí mar chúram ar an bPríomhoide plean feabhsúcháin don mhúinteoir a bhíonn i gceist a rianadh.

2.5 Tiocfaidh an Príomhoid le chéile leis an múinteoir a bhíonn i gceist chun an plean feabhsúcháin a phlé.

2.6 Déanfaidh an plean cur síos ar na heasnaimh a shíltear a bheith i bhfeidhmiú an mhúinteora agus ar an bhfeabhsúchán a bhfuiltear ag súil leis ón múinteoir. Leagfar síos freisin raon tacaíochtaí agus oiliúna a bheidh ar fáil don mhúinteoir agus moltaí maidir leo siúd ar chóir don mhúinteoir a úsáid chun a g(h)nóthachtáil féin a fheabhsú. Leagfar síos fráma ama freisin sa phlean feabhsúcháin inar chóir an feabhsúchán a bhíonn á éileamh a chur i gcrích. Cuirfear tacaíochtaí cuí ar fáil don Phríomhoide nuair a bhíonn an plean feabhsúcháin á chur le chéile.

2.7 Cé gur ar an múinteoir aonair go príomha a bheidh sé an feabhsúchán a bhíonn le baint amach a chur i gcrích, cuirfidh an Príomhoide/ OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF tacaíocht ar fáil agus cuideofar leis an múinteoir an riachtanas atá de dhíth a bhaint amach.

2.8 De ghnáth, beifear ag súil go mbainfear amach an feabhsúchán a bhíonn á éileamh i réimsí na hinniúlachta gairmiúla laistigh den fhráma ama a bhíonn leagtha síos sa phlean feabhsúcháin nach mbeidh níos lú ná trí mhí, agus gan tréimhsí saoire san áireamh. Is féidir leis an bPríomhoide síneadh a chur leis an dtréimhse seo, agus é seo faoi réir ag aontú an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF, chun am breise a thabhairt don mhúinteoir chun an plean feabhsúcháin a chur i gcrích go hiomlán.

2.9 Nuair a thagann deireadh leis an dtréimhse ama a bhíonn curtha ar fáil don fheabhsúchán, cuirfidh an Príomhoide tuairisc scríofa ar fáil don OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF agus don mhúinteoir ag déanamh cur síos ar a t(h)uairimí faoin toradh.

2.10 Má thuairiscíonn an Príomhoide go bhfuil an feabhsúchán a bhí á éileamh tar éis tarlú, cuirfidh an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF in iúl don mhúinteoir i scríbhinn ag deimhniú go bhfuil sé i gceist aige/aici críoch a chur leis an bpróiseas foirmeálta.

2.11 Má thuairiscíonn an Príomhoide don OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF nach bhfuil an feabhsúchán a bhí á éileamh sa mhúinteoireacht tarlaithe tar éis do dheireadh teacht leis an dtréimhse ama a bhí ceadaithe don phróiseas seo, breathnóidh an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF ar an ngnó, mar atá leagtha amach thíos.

2.12 Tabharfar deis don mhúinteoir freagairt, ó bheal agus i scríbhinn, ar thuairisc an Phríomhoide a sholáthar mar chuid den phróiseas le breathnú ar an gceist.

2.13 Tar éis machnaimh a dhéanamh ar fhreagairt an mhúinteora, d’fhéadfadh an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF a shocrú:

- Go bhfuil dóthain dul chun cinn déanta ag an múinteoir agus go bhfuil deireadh á chur anois leis an bpróiseas
- Gur chóir an plean feabhsúcháin a leasú
- Nár éirigh leis na múinteoir an feabhsúchán a bhí á éileanh a chur i gcrích.

***Céim 3***

***Athbhreithniú Seachtrach***

3.1 Má shocraíonn an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF nár tharla an feabhsúchán a bhí á éileamh, iarrfaidh an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF ar an bPríomhchigire socrú a dhéanamh don athbhreithniú ar obair an mhúinteora aonair. Ina leithéid de chásanna, cuirfidh an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF é sin in iúl don mhúinteoir. San iarratas ón OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF don athbhreithniú ba chóir go gclúdófaí na sonraí a bhaineann le nádúr na n-ábhar imní, na tacaíochtaí a ofráileadh don mhúinteoir, a mhéid agus a bhain an múinteoir leas as na tacaíochtaí seo, agus na torthaí.

3.2 Sula nglactar leis an athbhreithniú sásóidh an Príomhchigire* é/í féin go ndearnadh an tacaíocht chuí a ofráil don mhúinteoir agus, ina ainneoin sin, go bhfuiltear den tuairim go bhfuil obair an mhúinteora míshásúil go fóill. Seans go ndéanfaidh an Príomhchigire eolas breise a lorg, de réir mar a shíleann sé/sí atá riachtanach, ón OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF. Má bhíonn an múinteoir tar éis glacadh leis na rogha ag Céim 2 chun agairt a dhéanamh ar Chéim 3 den phróiseas, sásóidh an Príomhchigire é/í féin faoin bpróiseas seo sula gcuirtear tús leis an athbhreithniú.

3.3 Cuirfear an doiciméadachán go léir a bhíonn ag an bPríomhchigire ar fáil don mhúinteoir.

3.4 Tá an fheidhm a bhaineann le hathbhreithniú seachtrach a dhéanamh, atá dílsithe ar an bpríomhoide mar thoradh ar na nósanna imeachta seo, scartha ó, agus gan dochar d’fheidhm reachtúil an Phríomhchigire mar atá leagtha amach in Alt 13 den Acht Oideachais 1998.

3.5 Nuair a aontaíonn an Príomhchigire leis an éileamh is féidir leis/léi pé daoine agus pé mhéid pearsanra a shíleann sé/sí a bheidh de dhíth a dháileadh chun athbhreithniú a dhéanamh. Nuair a bhíonn duine nó daoine á dháileadh chun an tasc seo a dhéanamh, beidh an Príomhchigire san airdeall go mbeidh sé mar riachtanas go mbíonn cumas bainteach leis an athbhreithniú ag pé duine/daoine a bhíonn le dáileadh.

3.6 D’fhéadfadh go mbeadh sraith cuairteanna ar an suíomh teagaisc agus foghlama mar chuid den athbhreithniú agus ball/baill den Chigireacht a bheidh i mbun an athbhreithnithe de ghnáth. Beidh pé rochtain ar an suíomh teagaisc agus foghlama is gá ar fáil don duine/do na daoine a bhíonn dáilte ag an bPríomhchigire ionas gur féidir tuairim ghairmiúil a sholáthar ar inniúlacht an mhúinteora. D’fhéadfadh ócáidí a bheith i gceist, ag brath ar nádúr an cháis ar leith, ina bhféadfadh duine le saineolaíocht ábhartha ar leith, bainteach leis na hábhair imní a bhíonn ardaithe ag an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF, a bheith in éineacht le ball/baill na Cigireachta. I ngach cás is ball den Chigireacht a bheidh ag stiúradh an phróisis athbhreithnithe.

3.7 Comhoibreoidh an múinteoir, atá mar ábhar don athbhreithniú seachtrach, go hiomlán leis an bpróiseas athbhreithnithe agus is cúis araíonachta ann féin a bheidh in aon chliseadh maidir leis an gcomhoibriú. D’fhéadfadh an duine/na daoine a bhíonn dáilte ag an bPríomhchigire aon easpa comhoibrithe dá leithéid a chur san áireamh freisin nuair a bhíonn a gconclúidí á ndéanamh acu.

3.8 Cuirfidh an duine/na daoine a bhíonn dáilte ag an bPríomhchigire tuairisc ar fáil don Phríomhchigire a dhéanfaidh, ina dhiaidh sin, an tuairisc a chur ar fáil don OO / oifigeach

eile a bhíonn dáilte ag an PF, agus don mhúinteoir. Déanfaidh an tuairisc cur síos ar na conclúidí maidir leis na hábhair imní a bhí luaite.

3.9 Cuirfidh an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF deis ar fáil don mhúinteoir chun freagra scríofa a chur ar fáil do thuairisc an Phríomhchigire laistigh de 15 lá scoile ón uair a fhaigheann an múinteoir an tuairisc .

3.10 Breathnóidh an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF ar thuairisc an Phríomhchigire agus ar an bhfreagairt scríofa ón múinteoir laistigh de 10 lá scoile ón uair a fhaightear freagairt scríofa an mhúinteora. B'fhéidir gur é an cinneadh a bheidh ag an OO / oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF ná:

- Nach gá aon rud eile a dhéanamh
- Gur chóir gluaiseacht ar aghaidh go próiseas araíonachta laistigh de théarmaí tagartha an PF

Nuair a chinntear nach bhfuil gá le haon ghníomhú, cuirfear é sin in iúl i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile.

**Clúdaítear, sa tagairt don Phríomhchigire, baill den chigireacht a mbíonn an gnó seo dáilte orthu ag an bPríomhchigire.*

### *Céim 4*

### *Éisteacht*

4.1 Mar atá i bhforálacha An Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is feidhmeanna feidhmiúcháin iad gnóthaí fostaíochta ar a n-áirítear baill foirne a chur ar fionraí nó a dhíbirt. Dá réir sin is iad na nósanna imeachta seo a leanas a chuirfear i bhfeidhm:

Cuirfear deis ar fáil don mhúinteoir freastal ag cruinniú leis an CE le hionadaí/aithe ceardchuma(i)nn nó le comhghleacaithe, ach beirt ar a mhéid a bheith i gceist.

Tabharfar fógra 7 lá scoile, ar a laghad, don mhúinteoir faoin gcruinniú. Ba chóir don fhógra cuspóir na héisteachta a chur in iúl agus agus a thabhairt le fios go bhféadfadh gníomh araíonachta a bheith san áireamh.

Ag an gcruinniú tabharfar deis don mhúinteoir a c(h)ás a chur i láthair go hiomlán agus dúshlán a thabhairt d’aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi don chinneadh.

I ndiaiadh na héisteachta déanfaidh an PF a b(h)reithmheas ar an ngnó. Nuair a bhíonn a a b(h)reithmheas á dhéanamh, cuirfidh an PF san áireamh na conclúidí a bhíonn leagtha amach i dtuairisc an Phríomhchigire, aon fhianaise eile agus léiriúchán an mhúinteora (má bhíonn a leithéid ann).

Cuirfidh an PF a c(h)inneadh agus aon ghníomh araíonachta a bheidh i gceist, má bhíonn a leithéid mar thoradh, in iúl don mhúinteoir. Má socraítear ar ghníomh araíonachta, d’fhéadfadh an PF leas a bhaint as aon cheann de na pionóis seo a leanas:

- Cáineadh deiridh i scríbhinn
- Iarchur incriminte
- Incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- Fionraí (do thréimhse teoranta agus/do chúis ar leith) le pá
- Fionraí (do thréimhse teoranta agus/do chúis ar leith) gan pá
- Díbirt

Nuair a bhíonn gníomh araíonachta seachas díbirt i gceist, déanfaidh an PF an cás a athbhreithniú laistigh de thréimhse ama ar leith ionas gur féidir féachaint an bhfuil gá le gníomh araíonachta breise, nó le haon ghníomh.

Feidhmeoidh an PF go réasúnta i ngach cás nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi ghníomh araíonachta cuí. Ba chóir do nádúr an ghnímh araíonachta a bheith comhréireach leis an mhí-inniúlacht ghairmiúil.

***Céim 5***

***Achomharc***

5.1 Beidh cead ag an múinteoir achomharc a dhéanamh ar an ngníomh araíonachta atá i gceist ag an CE. Éisteoidh painéal achomhairc neamhspleách, a cheapfaidh an PF, leis an t-achomharc mar atá in Aguisín A.

5.2 Tá fáil, in Aguisín A, ar na nósanna imeachta don achomharc chuig an bpainéal achomhairc neamhspleách.

**Fógra go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna agus go dtí An Chomhairle Mhúinteoireachta**

Cuirfidh an PF in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi nádúr an ghnímh araíonachta agus déanfar aon riachtanais ag an gComhairle Mhúinteoireachta mar atá i bhforálacha Ailt 37 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 a chomhlíonadh.

**Nósanna imeachta araíonachta do mhúinteoirí fostaithe i mBoird Oideachais agus Oiliúna**

## Réamhnóta

Rinneadh na nósanna imeachta araíonachta seo do mhúinteoirí atá fostaithe i mBoird Oiliúna agus Oideachais (BOOanna) a fhorbairt i ndiaidh díospóireachtaí idir An Roinn Oideachais agus Scileanna, eagraíochtaí bainistíochtaí scoile agus ceardchumainn aitheanta na múinteoirí sna hearnálacha seo. Cuirtear san áireamh reachtaíocht fostaíochta agus Cód Cleachtais An Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais ar Nósanna Oibre Araíonachta. Tagann na nósanna imeachta araíonachta seo in ionad aon nósanna imeachta araíonachta atá ann cheana go háitiúil nó go náisiúnta. Cuirfear príomhoidí, múinteoirí agus BOOanna ar an eolas faoi, agus tuisceanach go hiomlán ar, an gcur chuige seo agus cloífear leis i gcónaí.

## Réamhrá

Mar is gnáthach in aon ghairm, is faoin múinteoir féin a bhíonn sé ar dtús caighdeáin chuí a chothabháil ina dteagasc agus freastal go pearsanta ar cheisteanna faoina n-inniúlacht má, agus nuair, a tharlaíonn a leithéid. Chomh maith leis sin, tá sé mar fhreagracht agus mar dhualgas ar an múinteoir a dheimhniú go mbaineann sé nó sí leas iomlán as gach deis don chúnamh chun ábhair imní faoina n-inniúlacht ghairmiúil a fheabhsú.

Sa chomhthéacs seo glactar leis go hiomlán go gcomhlíonann tromlach suntasach múinteoirí a gcuid dualgas go cumasach, éifeachtach, agus go gcuireann siad seirbhís ar fáil a bhíonn ar chomhchéim leis na traidisiúin is fearr sa mhúinteoireacht. Dá réir sin beidh aon phróiseas a bhíonn curtha le chéile chun dul i ngleic le hábhair imní i leith na hinniúlachta gairmiúla dírithe ar mhionlach daoine sa ghairm. Caithfidh, freisin, aon phróiseas dá leithéid a thuiscint gur é fírinne an scéil gur minic gur rud neamhbhuan a bhíonn i gceist le hábhair imní faoin inniúlacht ghairmiúil agus go mb'fhéidir gur é an bunús a bhíonn leis na deacrachtaí ná gnóthaí pearsanta nó gairmiúla a mhaireann ar feadh tréimhse sách gairid. Pléifear go neamhfhoirmiúil nuair is féidir le mioncheisteanna nó le mion-easnaimh fánacha.

Is amhlaidh dá réir go gcaithfidh roinnt céimeanna a bheith i gceist sa chur chuige a phléann le ceisteanna faoin obair agus faoin iompar, agus na céimeanna seo ag gluaiseacht ó chéimeanna neamhfhoirmiúla go céimeanna foirmiúla ina bhféadfadh ag deireadh an phróisis go mbeifí i dtuilleamaí ghnímh araíonachta (chomh fada le céim díbeartha agus an díbirt san áireamh). Cé go dtarlóidh de ghnáth go leanfaidh an próiseas araíonachta na céimeanna ó thús go deireadh, is féidir le scoil tús a chur leis an bpróiseas ag aon chéim den phróiseas má éilíonn an mhí-iompar atá curtha i leith a leithéid de chur chuige.

## Scóip

Baineann an nós oibre seo le ceisteanna oibre agus iompair agus le ceisteanna eile seachas inniúlacht ghairmiúil agus baineann sé leis an uile mhúinteoir seachas iad siúd atá ar promhadh. Tá ceisteanna faoin inniúlacht ghairmiúil lasmuigh de scóip an nós imeachta seo, agus ba chóir plé leo siúd trí na *Nósanna Imeachta a bhaineann le hInniúlacht Ghairmiúil.*

Pléifear le líomhaintí a bhaineann le mí-úsáid leanaí mar atá sainmhínithe sna Treoirlínte um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iarbhunscoileanna faoi na treoirlínte sin ar dtús.

**Céim Neamhfhoirmiúil**

Tá sé i gceist go ndéanfar fadhbanna a bhaineann le hobair agus le hiompar a réiteach, más féidir, go neamhfhoirmiúil. Chuige sin, pléifidh an Príomhoide aon iompar míshásúil leis an múinteoir a bhíonn i gceist agus cuirfidh sé in iúl do/di cé na feabhsúcháin is gá. Tabharfar deis don mhúinteoir a c(h)ás a mhíniú agus eolas a thabhairt. Nuair is féidir feabhsúchán a bhaint amach gan brath ar ghníomh araíonachta, cuirfear treoir de réir mar a oireann ar fáil agus beifear san airdeall an amhlaidh go mbaineann an t-easnamh le cúinsí pearsanta, sláinte nó teaghlaigh. Ina leithéid de chásanna cuirfear cúnamh agus comhairle ar fáil más féidir. Cuirfear in iúl don mhúinteoir freisin go bhféadfadh an gnó gluaiseacht ar aghaidh go cur chuige foirmiúil araíonachta muna dtarlaíonn an feabhsúchán a bhíonn á éileamh.

Muna sásaíonn obair nó iompar an mhúinteora na caighdeáin atá á eileamh in ainneoin na hidirghabhála neamhfhoirmiúil, mar atá luiate thuas, pléifear leis an ngnó faoin gcur chuige araíonachta seo a leanas.

**Céim 1:**

**Rabhadh ó Bhéal**

Eagróidh an Príomhoide cruinniú araíonachta foirmiúil leis an múinteoir. Tabharfar fógra cúig lá scoile ar a laghad i scríbhinn don mhúinteoir faoin gcruinniú. Ba chóir don fhógra cuspóir an chruinnithe a chur in iúl agus nádúr sonraithe an ghearáin mar aon le haon doiciméadachán tacaíochta. Is féidir leis an múinteoir a bhíonn i gceist a (h)ionadaí ceardchumainn nó comhghleacaí oibre a bheith i láthair leis/léi.

Ag an gcruinniú tabharfar deis don mhúinteoir freagairt agus a c(h)ás a chur in iúl go hiomlán agus dúshlán a thabhairt d'aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi don chinneadh. Tar éis aird a thabhairt ar an bhfreagairt déanfaidh an Príomhoide cinneadh faoin ngníomh cuí atá le tarlú. Má chinntear nach bhfuil gá le haon ghníomhú cuirfear é sin in iúl i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile. Má shocraítear go bhfuil gá le gníomh araíonachta ag an bpointe seo cuirfidh an Príomhoide in iúl don mhúinteoir go bhfuil rabhadh ó bhéal á thabhairt do/di. Nuair a tugtar rabhadh ó bhéal ba chóir go ndéanfaí an feabhas atá á éileamh agus an scála ama don fheabhas a chur in iúl go soiléir. Ba chóir don rabhadh a chur in iúl don mhúinteoir go bhféadfadh gníomh araíonachta breise a bheith i gceist muna dtarlaíonn feabhas sásúil leanúnach. Cuirfear an múinteoir ar an eolas faoina c(h)eart achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá á ghlacadh agus i gcoinne phróisis an achomhairc.

Coimeádfaidh an BOO cóip den rabhadh ó bhéal ar an gcód pearsanta agus tabharfar cóip don mhúinteoir. Mairfidh an rabhadh ó bhéal ar feadh tréimhse 6 mhí agus, faoi réir ag seirbhís shásúil, tiocfaidh deireadh leis tar éis tréimhse 6 mhí. Bainfear an taifead den chód tar éis tréimhse sé mhí má tharlaíonn feabhsúchán sásúil le linn na tréimhse.

D'fhéadfadh in amanna go mbeadh obair nó iompar an fhostaí sásúil le linn na tréimhse ina mbíonn an rabhadh i bhfeidhm ach go dtiteann sé siar go luath ina dhiaidh sin. Nuair a tharlaíonn a leithéid de phátrún agus nuair a bhíonn fianaise ann go bhfuil an bonn á bhaint de phróiseas na haraíonachta, is féidir iompar an fhostaí cheana mar aon lena p(h)átrún

iompair a chur san áireamh in aon ghnó araíonachta a tharlóidh ina dhiaidh sin.

**Céim 2:**

**Rabhadh i Scríbhinn**

Má tharlaíonn, tar éis rabhadh ó bhéal a fháil, gur í tuairim an Phríomhoide go bhfuil iompar an mhúinteora níos lú ná sásúil maidir lena bhfuil á éileamh i gCéim 1, déanfar cruinniú a thionól idir na múinteoir agus an Príomhoide agus oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF. Tabharfar fógra seacht lá scoile, ar a laghad, i scríbhinn don mhúinteoir faoin gcruinniú.

Ba chóir don fhógra cuspóir an chruinnithe a chur in iúl agus nádúr sonraithe an ghearáin mar aon le haon doiciméadachán tacaíochta a sholáthar. Is féidir leis an múinteoir a bhíonn i gceist a (h)ionadaí/aithe ceardchumainn nó a c(h)omhghleacaí/aithe oibre a bheith i láthair leis/léi, ach gur beirt ar a mhéid a bheith i gceist.

Ag an gcruinniú ba chóir go gcuirfí ráiteas soiléir ar fáil don mhúinteoir faoin réimse/na réimsí ina meastar a (h)iompar a bheith míshásúil. Tabharfar deis don mhúinteoir freagairt agus a c(h)ás a chur in iúl go hiomlán agus aon fhianaise ar a bhfuiltear ag brath do chinneadh a dhúshlánú. Tar éis an fhreagairt a mheas, socróidh an Príomhoide agus an t-oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF ar an ngníomhú cuí a ba chóir a ghlacadh. Má chinntear nach bhfuil gá le haon ghníomhú cuirfear é sin in iúl i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile. Má shocraítear go bhfuil gá le gníomh araíonachta ag an bpointe seo cuirfidh an Príomhoide in iúl don mhúinteoir go bhfuil rabhadh i scríbhinn á thabhairt do/di. Nuair a tugtar rabhadh i scríbhinn ba chóir go ndéanfaí an feabhas atá é éileamh agus an scála ama don fheabhas a chur in iúl go soiléir. Ba chóir don rabhadh i scríbhinn a chur in iúl don mhúinteoir go bhféadfadh gníomh araíonachta breise a bheith i gceist muna dtarlaíonn feabhas sásúil leanúnach. Cuirfear an múinteoir ar an eolas faoina c(h)eart achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá á ghlacadh agus i gcoinne phróisis an achomhairc.

Coimeádfaidh an BOO cóip den rabhadh i scríbhinn ar an gcód pearsanta agus tabharfar cóip don mhúinteoir. Mairfidh an rabhadh i scríbhinn ar feadh tréimhse nach mbeidh níos faide ná 9 mí agus, faoi réir ag seirbhís shásúil, tiocfaidh deireadh leis tar éis tréimhse 9 mí. Bainfear an taifead den chód tar éis na naoi mí má tharlaíonn feabhsúchán sásúil le linn na tréimhse.

D'fhéadfadh in amanna go mbeadh obair nó iompar an fhostaí sásúil le linn na tréimhse ina mbíonn an rabhadh i bhfeidhm ach go dtiteann sé siar go luath ina dhiaidh sin. Nuair a tharlaíonn a leithéid de phátrún agus nuair a bhíonn fianaise ann go bhfuil an bonn á bhaint de phróiseas na haraíonachta, is féidir iompar an fhostaí cheana mar aon lena p(h)átrún iompair a chur san áireamh in aon ghnó araíonachta a tharlóidh ina dhiaidh sin.

**Céim 3:**

**Rabhadh Deiridh i scríbhinn**

Má tharlaíonn, tar éis rabhadh i scríbhinn a fháil, gur í tuairim an Phríomhoide go leanann iompar an mhúinteora níos lú ná sásúil nó go dtarlaíonn mí-iompar níos tromchúisí, déanfar cruinniú a thionól idir na múinteoir agus an Príomhoide agus oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF. Tabharfar fógra seacht lá scoile, ar a laghad, i scríbhinn don mhúinteoir faoin gcruinniú. Ba chóir don fhógra cuspóir an chruinnithe a chur in iúl agus nádúr sonraithe an ghearáin mar aon le haon doiciméadachán tacaíochta. Is féidir leis an múinteoir a bhíonn i gceist a (h)ionadaí/aithe ceardchumainn nó a c(h)omhghleacaí/aithe oibre a bheith i láthair leis/léi, ach gur beirt ar a mhéid a bheith i gceist.

Ag an gcruinniú ba chóir go gcuirfí ráiteas soiléir ar fáil don mhúinteoir faoin réimse/na réimsí ina meastar a (h)iompar a bheith míshásúil. Tabharfar deis don mhúinteoir freagairt agus a c(h)ás a chur in iúl go hiomlán agus aon fhianaise ar a bhfuiltear ag brath do chinneadh a dhúshlánú. Tar éis an fhreagairt a mheas, socróidh an Príomhoide agus an t-oifigeach eile a bhíonn dáilte ag an PF ar an ngníomhú cuí a ba chóir a ghlacadh. Má chinntear nach bhfuil gá le haon ghníomhú cuirfear é sin in iúl i scríbhinn don mhúinteoir laistigh de chúig lá scoile. Má shocraítear go bhfuil gá le gníomh araíonachta ag an bpointe sin cuirfidh an Príomhoide in iúl don mhúinteoir go bhfuil rabhadh deiridh i scríbhinn á thabhairt do/di. Nuair a tugtar rabhadh deiridh i scríbhinn ba chóir go ndéanfaí an feabhas atá é éileamh agus an scála ama don fheabhas a chur in iúl go soiléir. Ba chóir don rabhadh deiridh i scríbhinn a chur in iúl don mhúinteoir go bhféadfadh gníomh araíonachta breise a bheith i gceist muna dtarlaíonn feabhas sásúil leanúnach. Cuirfear an múinteoir ar an eolas faoina c(h)eart achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá á ghlacadh agus i gcoinne phróisis an achomhairc.

Coimeádfaidh an BOO cóip den rabhadh deiridh i scríbhinn ar an gcód pearsanta agus tabharfar cóip don mhúinteoir. Mairfidh an rabhadh deiridh i scríbhinn ar feadh tréimhse nach mbeidh níos faide ná 12 mí agus, faoi réir ag seirbhís shásúil, tiocfaidh deireadh leis tar éis tréimhse 12 mí. Bainfear an taifead den chód tar éis tréimhse an dá mhí déag má tharlaíonn feabhsúchán sásúil le linn na tréimhse.

**Céim 4:**

Má shíltear gur lean an cheist faoin obair nó faoin iompar tar éis an rabhadh deiridh i scríbhinn a eisiúint, nó go bhfuil an obair nó an iompar tromchúiseach, ullmhóidh an Príomhoide tuairisc chuimsitheach faoi fhíricí an cháis agus cuirfear é seo ar aghaidh go dtí an PF. Tabharfar cóip don mhúinteoir.

Mar atá i bhforálacha An Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is feidhmeanna feidhmiúcháin iad gnóthaí fostaíochta ar a n-áirítear baill foirne a chur ar fionraí nó a dhíbirt. Dá réir sin is iad na nósanna imeachta seo a leanas a chuirfear i bhfeidhm:

4.1 Más é cinneadh an PF gluaiseacht ar aghaidh le próiseas araíonachta, cuirfear deis ar fáil don mhúinteoir freastal ag cruinniú leis an PF le hionadaí/aithe ceardchuma(i)nn nó le comhghleacaithe, ach beirt ar a mhéid a bheith i gceist.

Tabharfar fógra 7 lá scoile, ar a laghad, don mhúinteoir faoin gcruinniú. Ba chóir don fhógra cuspóir na héisteachta a chur in iúl agus agus a thabhairt le fios go bhféadfadh gníomh araíonachta a bheith san áireamh.

Ag an gcruinniú tabharfar deis don mhúinteoir a c(h)ás a chur i láthair go hiomlán agus dúshlán a thabhairt d'aon fhianaise a bhfuiltear ag brath uirthi don chinneadh.

I ndiaiadh na héisteachta déanfaidh an PF a b(h)reithmheas ar an ngnó. Nuair a bhíonn a a b(h)reithmheas á dhéanamh, cuirfidh an PF san áireamh an tuairisc ón bPríomhoide, agus aon fhianaise eile agus léiriúchán an mhúinteora (má bhíonn a leithéid ann).

Cuirfidh an PF a c(h)inneadh agus aon ghníomh araíonachta a bheidh i gceist, má bhíonn a leithéid mar thoradh, in iúl don mhúinteoir. Má socraítear ar ghníomh araíonachta, d'fhéadfadh an PF leas a bhaint as aon cheann de na pionóis seo a leanas:

- Cáineadh deiridh i scríbhinn
- Iarchur incriminte
- Incrimint nó incrimintí a tharraingt siar
- Ísliú céime (post freagrachta a chailliúint)
- Gníomh araíonachta eile seachas fionraí nó dibirt
- Fionraí (do thréimhse teoranta agus/do chúis ar leith) le pá
- Fionraí (do thréimhse teoranta agus/do chúis ar leith) gan pá
- Díbirt

Nuair a bhíonn gníomh araíonachta seachas díbirt i gceist, déanfaidh an PF an cás a athbhreithniú laistigh de thréimhse ama ar leith ionas gur féidir féachaint an bhfuil gá le gníomh araíonachta breise, nó le haon ghníomh.

Feidhmeoidh an PF go réasúnta i ngach cás nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi ghníomh araíonachta oiriúnach. Ba chóir do nádúr an ghnímh araíonachta a bheith comhréireach leis an gcás oibre nó iompair a bhí mar bhunús leis an bpionós atá á ghearradh.

**Mí-Iompar Tromchúiseach**

Nuair a tharlaíonn mí-iompar tromchúiseach san obair nó nuair a bhíonn baol do shláinte agus do shábháilteacht leanaí nó pearsanra eile sa scoil, ní bheidh na céimeanna a bhfuil cur síos orthu thuas i gceist de ghnáth agus d'fhéadfaí múinteoir a dhíbirt gan feidhm a bhaint as na céimeanna a thagann roimhe sin.

Seo thíos roinnt samplaí den mhí-iompar tromchúiseach go bhféadfadh nach mbainfeadh aon nó gach Céim 1 go 3 leis an gcur chuige araíonachta, ag brath ar leibhéal tromchúise an chion líomhnaithe:

- Gadaíocht
- Dochar d'aonghnó do mhaoin scoile
- Calaois nó doiciméid a fhalsú d'aonghnó
- Mórfhaillí nó faillí i ndualgais
- Diúltú treoracha dlisteanacha a chomhlíonadh agus iarmhairtí tromchúiseacha mar thoradh
- Éagumas tromchúiseach nó leanúnach ar dhualgais a chomhlíonadh mar gheall ar bheith faoi thionchair óil, drugaí neamhordaithe nó mí-úsáid chógais ordaithe.
- Sárú tromchúiseach ar rialacha sláinte agus sábháilteachta
- Drochúsáid/mí-úsáid thromchúiseach ar mhaoin/fhearas scoile
- Bristeacha tromchúiseacha ar rúndachtaí
- Bulaíocht thromchúiseach, iompar míchuí, gnéaschiapadh nó ciapadh i gcoinne fostaí nó custaiméir, daltaí san áireamh.
- Iompar foréigneach/toirmeascach
- Ábhar pornagrafach a íoslódáil/scaipeadh ón idirlíon
- Ríomhphoist/ téacstheachtaireachtaí tarcaisneacha, gairsiúla nó mígheanasacha a scaipeadh.

**Nóta: níl an liosta thuas uileghabhálach.**

Ar mhaithe leis an gcuid seo, d'fhéadfadh mí-iompar tromchúiseach a bheith bainteach freisin le gníomh a tharla, nó a dúradh a tharla, lasmuigh den scoil ach gur ardaigh an gníomh, nó a gníomh a dúradh, mór-ábhar imní don PF maidir le sláinte agus sábháilteacht na ndaltaí agus/nó na foirne sa scoil.

Má bhíonn líomhain bainteach le mí-iompar tromchúiseach i gceist is féidir an múinteoir a chur ar fionraí ar lánphá go dtí go ndéantar an cás a iniúchadh agus go dtí go dtagann deireadh le haon phróiseas achomhairc.

Le linn iniúchaidh, beidh sé de cheart ag an múinteoir a bhíonn i gceist a bheith curtha ar an eolas faoi na líomhaintí agus beidh sé de cheart aige/aici freagairt do na líomhaintí. Má sheastar le cás mí-iompar tromchúiseach mar thoradh ar an iniúchadh, is í an ghnáth-iarmhairt ná díbirt.

**Céim 5**

**Achomharc**

Beidh sé mar chead ag an múinteoir achomharc a dhéanamh i gcoinne an ghnímh araíonachta atá molta. Maidir le pionóis atá á ngearradh ag Céimeanna 1, 2 agus 3, déanfar an t-achomharc chuig oifigeach a bhíonn dáilte ag an PF agus nach raibh baint cheana aige/aici leis an ngnó, agus atá ar ghrád comhchéim nó níos airde leis an oifigeach a ghearr an pionós m.sh. Príomhoide, POC, PO, OF nó PF. Sa chás gur faoi chéim 4 de na nósanna imeachta a ghearrtar an pionós, déanfar an t-achomharc chuig painéal achomhairc araíonachta a bhíonn ceaptha ag an PF mar atá in Aguisín A. Tá fáil ar na nósanna imeachta don achomharc in Aguisín A.

**Fógra go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna agus go dtí An Chomhairle Mhúinteoireachta**

Cuirfidh an PF in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna faoi nádúr an ghnímh araíonachta agus déanfar aon riachtanais ag an gComhairle Mhúinteoireachta mar atá i bhforálacha Ailt 37 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 a chomhlíonadh.

**Aguisín A**

**Painéal Achomhairc Araíonachta do Mhúinteoirí**

1. Ceapfaidh an PF Painéal Achomhairc Araíonachta do Mhúinteoirí ar a mbeidh;

- Cathaoirleach neamhspleách ó phainéal a bhíonn ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna
- Ionadaí ón eagraíocht bhainistíochta aitheanta
- Ainmní ón gceardchumann múinteoirí ábhartha

2. Ní cheapfar aon bhall den Phainéal chun iniúchadh a dhéanamh ar chás a chuirtear faoi bhráid an Phainéil má bhíonn baint nó plé cheana féin ag an duine sin leis an gcás ar leith.

**Próiseas an Achomhairc**

3. Is féidir le múinteoirí athbhreithniú a éileamh ar na himeachtaí araíonachta ag an bPainéal ar cheann amháin nó níos mó de na cúinsí seo a leanas:

i. níor cloídh le forálacha na nósanna imeachta

ii. ní bhfuarthas amach na fíricí ábhartha uile

iii níor cuireadh san áireamh, nó níor cuireadh san áireamh ar bhealach réasúnta, na fíricí ábhartha uile

iv níor cuireadh deis réasúnta ar fáil don mhúinteoir atá i gceist chun an líomhaint a fhreagairt

v ní fhéadfaí a bheith ag súil go réasúnta go dtuigfeadh an múinteoir atá i gceist go dtiocfadh gníomh araíonachta mar thoradh ar an iompar atá curtha i leith

vi tá an pionós atá a mholadh ar neamhréir leis an tearcfheidhmíocht nó leis an mí-iompar atá curtha i leith

4. Is féidir le múinteoir a bhfuil sé curtha in iúl do/di go bhfuil cinneadh déanta cás araíonachta a thógaint ina c(h)oinne iarratas a dhéanamh ar an bPainéal i scríbhinn, laistigh de 10 lá scoile ón uair a fhaightear fógra an chinnidh, na nósanna imeachta araíonachta a athbhreithniú.

5. Muna dtagann aon iarratas dá leithéid sin ón múinteoir atá i gceist laistigh den tréimhse deich lá is féidir leis an PF leanúint ar aghaidh chun an gníomh araíonachta atá i gceist a chur i bhfeidhm.

6. Má éilíonn múinteoir go ndéanfadh an Painéal na nósanna imeachta airíonachta a athbhreithniú cuirfear na haighneachtaí seo a leanas ar fáil:

i ráiteas i scríbhinn ón múinteoir a bhíonn i gceist faoi na cúiseanna ar a bhfuil an t-éileamh á lorg agus é seo le bheith curtha faoi bhráid an Phainéil agus an fhóstóra laistigh de 10 lá scoile ón lá a cuireadh isteach an t-iarratas don achomharc a dtagraítear do thuas.

ii frithráiteas i scríbhinn ón bhfostóir, é seo le bheith curtha faoi bhráid an Phainéil agus an mhúinteora atá i gceist laistigh de 10 lá scoile ón uair a fhaigheann an fostóir ráiteas an mhúinteora a dtagraítear do thuas

iii aon aighneachtaí eile a éilíonn an Painéal ón múinteoir atá i gceist nó ón PF, le bheith curtha ar fáil sa bhformáid agus laistigh den tréimhse ama a bhíonn luaite ag an bPainéal ina iarratas

7. Is féidir leis an bPainéal diúltú d'iarratas ar athbhreithniú ar na nósanna imeachta araíonachta:

i má theipeann ar an múinteoir a bhíonn i gceist an aighneacht is gá faoi alt 6.1 a dhéanamh laistigh den tréimhse ama a bhíonn tugtha, nó

ii má bhíonn an Painéal den tuairim, tar éis aon aighneachtaí a cuireadh ar fáil faoi alt 6.i. thuas a mheas, go bhfuil an cás atá déanta ag an múinteoir atá i gceist suaibhreosach, cráiteach nó gan substaint ná bonn.

8. Nuair a dhiúltaíonn an Painéal d'iarratas is féidir leis an bhfostóir leanúint ar aghaidh, de réir théarmaí na nósanna imeachta seo, amhail agus nach ndearnadh aon achomharc.

9. Nuair a shocraíonn an Painéal na nósanna imeachta araíonachta a athbhreithniú tar éis breathnú ar na haighneachtaí, socrófar dáta don éisteacht a laistigh de 20 lá scoile ón uair a fhaigheann an Painéal na haighneachtaí comhlánaithe ón múinteoir agus ón bhfostóir.

10. Is féidir leis an bPainéal, dá lánrogha féin amháin, cuireadh a thabhairt d'aon duine fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn. Déanfaidh an Painéal aon iarratas ó pháirtí don phróiseas chun fianaise a thabhairt ó bhéal nó i scríbhinn a mheas agus déanfar cinneadh ina leith seo.

11. Beidh sé de cheart ag an múinteoir a mbíonn an t-achomharc á dhéanamh aige/aici, más mian leis/léi, aighneachtaí ó bhéal a dhéanamh go dtí an Painéal é/í féin, nó trí mhúinteoir eile atá sa tseirbhís, nó trí oifigeach lánaimseartha den cheardchumann a bhfuil aitheantas aige nó aici dá grád, nó aon duine eile a aontaíonn an Painéal gur féidir leo a bheith i láthair don ghnó sin.

12. Nuair a thagann an Painéal le chéile chun glacadh le fianaise ó bhéal, nó d'éisteacht ó bhéal, tá sé de cheart ag na daoine seo a leanas a bheith i láthair;

i an múinteoir atá i gceist

ii aon duine dar le halt 11 thuas atá i dteideal aighneachtaí a dhéanamh thar ceann an mhúinteora atá i gceist

iii PF an BOO agus aon daoine eile a d'fhéadfadh an PF a ainmniú le bheith i láthair

iv aon duine eile a aontaíonn an Painéal gur féidir leo a bheith i láthair

13. Pléifear go neamhfhoirmiúil leis na himeachtaí os comhair an Phainéil

14. Tar éis aon fhiosrúcháin a shíltear is gá a dhéanamh agus tar éis aird a thabhairt ar aon aighneachtaí a rinneadh nó ar aon fhianaise a tugadh, tiocfaidh an Painéal ar thuairim pé acu an bhfuil nó nach bhfuil bonn cruthaithe chun an cás a athbhreithniú agus eiseoidh an Painéal a thuairim go dtí an PF, go dtí an múinteoir a bhíonn i gceist, agus go dtí a (h)ionadaí laistigh de dheich lá scoile ón éisteacht.

15. Más í an tuairim go bhfuil cás cruthaithe ag an múinteoir atá i gceist, is féidir leis an bPainéal, dá lánrogha féin amháin, a mholadh don PF:

i nach cóir aon ghníomh eile a dhéanamh maidir leis an gcás seo, nó

ii gur chóir an gníomh araíonachta a shocraigh an PF a leasú ar bhealach ar leith, nó

iii gur chóir don PF breathnú arís ar an gcás chun easnamh sonraithe i nósanna imeachta na haraíonachta a chur ina cheart (agus ina leithéid de chás leanfaidh forálacha an Chóid seo ag feidhmiú)

16. Más í an tuairim nach bhfuil cás cruthaithe leanfaidh an PF leis an ngníomh araíonachta.

17. Ba chóir an cinneadh faoi ghníomh araíonachta a ghlacadh a chur in iúl i scríbhinn don mhúinteoir a bhíonn i gceist agus dá (h)ionadaí. Muna mbíonn aon ghníomh eile le tarlú, measfar an líomhaint a bheith aistarraingthe.

18. Baineann an cinneadh deiridh maidir le moladh ón bpainéal achomhairc leis an PF a dhéanfaidh cur síos i scríbhinn ar an mbunús a bhaineann leis an gcinneadh.